



European
Commission

TREORACHA LE HAGHAIGH LÁ AN CHOMÓRTAIS

Reáchtálfar an comórtas Juvenes Translatores (JT) ar líne Déardaoin, an 23 Samhain 2023 idir 10 AM agus 12 PM (Am Lár na hEorpa). Má tharlaíonn sé ar chúis éigin nach féidir leat páirt a ghlacadh sa chomórtas, iarraimid ort an méid sin a chur in iúl d'fhoireann JT le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) a luaithe is féidir.

Gheobhaidh tú **Rialacha an Chomórtais** ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT (<http://ec.europa.eu/translatores>).

Tá **treoracha breise** le haghaidh **Lá an Chomórtais** leagtha amach thíos:


1. Beidh an comórtas ar siúl ag an am céanna do gach scoil **Déardaoin, an 23 Samhain 2023** ag na huaireanta áitiúla seo a leanas:
 - a. 8.00 – 10.00 sna hAsóir;
 - b. 9.00 – 11.00 sa Phortaingéil (seachas na hAsóir), sna hOileáin Chanáracha, agus in Éirinn;
 - c. 10.00 – 12.00 sa Bheilg, san Ísiltír, i Lucsamburg, sa Fhrainc (seachas La Réunion agus Guadalúip), sa Ghearmáin, sa Spáinn (seachas na hOileáin Chanáracha), san Iodáil, san Ostair, sa Danmhairg, sa tSualainn, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic, san Ungáir, sa tSlóivéin, sa Chróit, i Málta agus sa Pholainn;
 - d. 11.00 – 13.00 sa Chipir, sa Ghréig, sa Bhulgáir, sa Rómáin, sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin agus san Fhionlainn;
 - e. 13.00 – 15.00 in La Réunion;
 - f. Na Ranna agus na Críocha Francacha thar lear agus Oileáin Ísiltíreacha Mhuir Chairib: *tá rialacha speisialta i bhfeidhm.*
2. Reáchtálfar an comórtas mar seo a leanas:


Reáchtálfar an comórtas i gcomhréir leis na socruithe ar leith a dhéanfaidh na scoileanna (e.g. an seomra, an trealamh TF (féach Rialacha an Chomórtais mír 1.4), na múinteoirí maoirseachta, etc.).


Ní mór na haistriúcháin a dhéanamh le linn an ama oifigiúil atá sannta don chomórtas. Má tá deacracht theicniúil ag an dalta áfach a fhágann go bhfuil moill suas le 15 nóiméad nó mar sin air ag tosú, ba cheart cead a bheith aige an méid céanna ama a chaitheamh ag aistriú i ndeireadh an scrúdaithe. **Ba cheart dhá uair an chloig a bheith ag gach rannpháirtí chun an t-aistriúchán a dhéanamh.** Mar sin féin, má tharlaíonn a leithéid, ní bheidh tú in

ann an t-aistriúchán a chur isteach ar ardán an chomórtais 15 nóiméad níos déanaí ná an t-am oifigiúil a shanntar don chomórtas. Sa chás sin, beidh ort é a sheoladh chugainn le ríomhphost (féach thuas) a luaithe a bheidh sé críochnaithe ag an dalta.

Ar an lá sin, **beidh ar na rannpháirtithe logáil isteach ar ardán an chomórtais** (<https://jt.ec.europa.eu>) **leis an ainm úsáideora agus an pasfhocal** a tugadh do gach duine acu nuair a cláraíodh iad (seoladh ríomhphost chuig an scoil tráth chlárú na ndaltaí agus is féidir teacht orthu freisin ar ardán an chomórtais ar leathanach forléargais rannpháirtithe na scoile).


 **Molaimid go láidir go ndéanann rannpháirtithe iarracht ceangal le hardán an chomórtais roimh lá an chomórtais**, trí logáil isteach ar an suíomh leis an ainm úsáideora/pasfhocal a tugadh dóibh. Tabhair do d'aire nach bhfeicfidh tú aon téacs atá le haistriú go dtí lá agus am an chomórtais, agus ní bheidh tú in ann aon téacs a shábháil ach an oiread. Molaimid duit é sin a dhéanamh díreach chun a chinntiú roimh ré nach mbeidh deacracht agat rochtain a fháil ar an ardán lá an chomórtais.

 **Má logálann rannpháirtí isteach chuig an bpróifíl roimh thús an chomórtais (10 AM Am Lár na hEorpa) ba cheart dó an leathanach a NUASHONRÚ sula dtosaíonn sé ar an aistriúchán**, chun go dtiocfaidh an téacs atá le haistriú sa teanga atá roghnaithe aige aníos ar an scáileán sa phána ar chlé. Ba cheart do rannpháirtithe a n-aistriúchán a chlósáil sa fráma ar dheis. Ba cheart do na cnaipí 'Sábháil d'aistriúchán' agus 'Cuir isteach an t-aistriúchán DEIRIDH' teacht aníos faoi na pánaí aistriúcháin ach an scáileán a nuashonrú roimh thús an chomórtais.

 Ní mór **an péire teangacha a roghnaíonn gach rannpháirtí** a líonadh isteach nuair a chláraítear rannpháirtithe ar ardán an chomórtais. Ní féidir an rogha sin a athrú tar éis spriocdháta an 16 Samhain 2023. Dá bhrí sin, bí cinnte dearfa go bhfuil an t-eolas sin ceart ar ardán an chomórtais roimh lá an chomórtais.

Ní mór do na rannpháirtithe an t-aistriúchán a dhéanamh **ar líne** (ní ar pháipéar) agus é a chur isteach ar ardán an chomórtais.

Sula mbeidh am an scrúdaithe istigh, ba cheart do na rannpháirtithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

-  **an téacs a shábháil go rialta** le linn am an chomórtais trí chliceáil ar an gcnaipe 'Sábháil d'aistriúchán'.
- a n-aistriúchán a chur isteach ar ardán an chomórtais trí chliceáil ar an gcnaipe 'Cuir an t-aistriúchán DEIRIDH isteach' ar an scáileán.

Tar éis don dalta é sin a dhéanamh, is féidir PDF a oscailt chun an t-aistriúchán a phrintáil (feicfidh sé an rogha seo tar éis dó an 'sábháil d'aistriúchán' agus 'cuir an t-aistriúchán DEIRIDH isteach' a dhéanamh).

Mura féidir na haistriúcháin a chur isteach mar atá leagtha amach thuas, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an scoil orthu, cuir ríomhphost chuig foireann Juvenes Translatores chun treoracha a fháil.


3. Tar éis an chomórtais, nuair a logálann an múinteoir isteach i gcuntas na scoile ar ardán an chomórtais (<https://jt.ec.europa.eu>) agus nuair a théann sé go dtí **leathanach forléargais rannpháirtithe na scoile**, **beidh sé in ann rudaí eile a dhéanamh**, cuir i gcás:

- féachaint ar aistriúcháin na rannpháirtithe agus iad a íoslódáil;
 - na teastais rannpháirtíochta a íoslódáil (nuair a bheidh siad ar fáil, féach pointe 11. thíos);
 - nó teastas do rannpháirtithe a fhaigheann moladh speisialta a íoslódáil (má fhaigheann an dalta a leithéid, féach pointe 12. thíos).
4. An 23 Samhain, **beidh na scoileanna uile atá páirteach sa chomórtas freagrach as an méid seo a leanas:**
- a chinntiú gurb iad na daltaí a cláraíodh a dhéanfaidh an scrúdú;
 - feitheoireacht a dhéanamh ar an scrúdú;
 - a chinntiú gur in 2006 a rugadh na daltaí uile;
 - na háiseanna agus an trealamh cuí TF a chur ar fáil agus an fhoireann a chur ar fáil lá an chomórtais chun maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí;
 - deimhin a dhéanamh de go bhfuil na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí ar an eolas faoi na rialacha agus na treoracha seo agus go nglacann siad leo;
 - deimhin a dhéanamh de go reáchtálfar an comórtas go cóir agus go neamhchlaonta.
5. **Beidh cead ag daltaí foclóirí páipéir a úsáid (idir fhoclóirí aonteangacha agus fhoclóirí dátheangacha).**

 **Is ceadmhach** na rudaí seo a leanas a úsáid:

- foclóirí *páipéir* agus/nó foclóirí *ar líne*

Is uirlisí fíor-riachtanacha gairmiúla iad foclóirí, agus dá bhrí sin, **is ceadmhach do rannpháirtithe foclóirí páipéir agus/nó foclóirí ar líne a úsáid**. Is ceadmhach idir fhoclóirí aonteangacha agus fhoclóirí dátheangacha a úsáid.

 **NÍ CEADMHACH** na rudaí seo a leanas a úsáid:

- seiceálaithe litrithe
- uirlisí aistriúchán ríomhchuidithe
- meaisínáistriúchán (e.g. Google Translate, DeepL)

Má bhaintear úsáid as aon cheann de na huirlisí sin thuas, déanfar an t-aistriúchán lena mbaineann a dhícháiliú.

Má theastaíonn socruithe speisialta ó dhaltaí faoi mhíchumas, ba chóir alt 4.1 sna rialacha a léamh agus ríomhphost a sheoladh chuig foireann Juvenes Translatores lena gcead a fháil roimh ré.

15 nóiméad roimh thús an chomórtais, foilseofar na **buntéacsanna** atá le haistriú ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT freisin (<http://ec.europa.eu/translatores>). Mar a míníodh i bpointe 2, tiocfaidh na buntéacsanna aníos go huathoibríoch ar an scáileán do gach dalta sa bhunteanga atá roghnaithe aige nuair a logálfaidh sé isteach ar ardán an chomórtais, ach b'fhéidir gur mhian leat na buntéacsanna a phriontáil do na rannpháirtithe chomh maith. Ar an gcúis sin, beidh fáil orthu ar ár suíomh oifigiúil go gairid roimh am tosaithe an chomórtais. Ach déan cinnte de, le do thoil, go dtabharfaidh tú na buntéacsanna do na daltaí ag am tosaithe oifigiúil an chomórtais agus ní roimhe sin.

Mura bhfuil tú in ann teacht ar na téacsanna ar an suíomh gréasáin, gach seans go mbeidh

ort an leathanach a 'nuashonrú' trí na heochracha **CTRL** agus **F5** ar an méarchlár a bhrú san am céanna. Mura gcloíonn na haistriúcháin a chuirtear isteach lá an chomórtais leis na péirí teangacha atá luaite tráth chlárú na ndaltaí, dícháileofar an dalta lena mbaineann.

6. I gcás ina bhfuil fadhb ghinearálta theicniúil ag tús am an chomórtais, nó má tá fadhbanna leanúnacha ann leis an logáil isteach, nó srianta móra eile ort, iarraidimid ort:
- **Fanacht sochair** agus tiocfaimid ar réiteach;
 - Féach ar ár **leathanach Facebook** <https://www.facebook.com/translatores/> le haghaidh **teachtaireachtaí práinneacha** nó le haghaidh **eolais** a chuirfimid in airde le treoracha;
 - **Cuir tús leis an aistriúchán ar bhealach éagsúil:**
 - **íoslódáil na buntéacsanna** a bheidh foilsithe ar shuíomh oifigiúil JT ag (<http://ec.europa.eu/translatores>) ag tús am an chomórtais (féach pointe 5 thuas), agus
 - **an t-aistriúchán a dhéanamh i Microsoft Word nó i gclár den chineál sin (glacaimid le haistriúcháin leictreonacha, ní aistriúchán ar pháipéar).**

Ar an gcaoi sin, beidh an rannpháirtí in ann:

- a) an t-aistriúchán a chóipeáil agus a ghreamú isteach ar ardán an chomórtais nuair a réitítear an fhadhb theicniúil agus an t-aistriúchán a chur isteach trí ardán an chomórtais ar an mbealach a beartaíodh ón tús; nó
- b) mura réitítear an fhadhb theicniúil roimh dheireadh am an chomórtais, is féidir leis an múinteoir na leaganacha leictreonacha d'aistriúcháin na rannpháirtithe a sheoladh chugainn le ríomhphost agus déanfaidh foireann JT iad a uaslódáil i bpróifíl an rannpháirtí, rud a chiallaíonn go mbeidh Aistritheoirí na hArd-Stiúrthóireachta in ann measúnú a dhéanamh orthu go léir sa chóras.

7. An 23 Samhain, tabharfaidh foireann JT freagra ar aon cheist atá agat i do theanga féin le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu).
8. Cuireann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin fáilte roimh aiseolas faoin gcomórtas. Is féidir le scoileanna grianghraif* de na daltaí roimh an scrúdú, lena linn nó ina dhiaidh a sheoladh chugainn. Ba mhór againn é freisin dá bhféadfadh sibh bhur dtuairimí, grianghraif agus físeáin a chur suas ar ár leathanach Facebook ([Facebook.com/translatores](https://www.facebook.com/translatores/)) nó clibeáil a dhéanamh ar ár Instagram ([@Translating for Europe](https://www.instagram.com/Translating_for_Europe)) nó an haischlib #juvenestranslatores a úsáid nuair a phóstálann sibh ar bhur gcuntais.
9. Glac cúpla nóiméad, le do thoil, chun **Rialacha an Chomórtais** a léamh ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT (<http://ec.europa.eu/translatores>).
10. Cuirimid i gcuimhne do mhúinteoirí agus daltaí araon gur scrúdú ar nós scrúdú ar bith eile é an scrúdú aistriúcháin seo, agus gur cheart do na daltaí tabhairt faoi ina n-aonar. Níor chóir do mhúinteoirí cabhair a thabhairt dá ndaltaí, agus níor chóir do na daltaí a bheith ag obair as lámha a chéile. Má bhíonn amhras ar na ceartaitheoirí go raibh caimiléireacht ar siúl, d'fhéadfaí an scoil a chur as an gcomórtas.
11. Gheobhaidh na rannpháirtithe agus na múinteoirí go léir **teastas**. Seolfar ríomhphost chuig na scoileanna go léir a ghlac páirt sa chomórtas ina mbeidh nasc chuig ardán an chomórtais. Féadfar teastas rannpháirtíochta a íoslódáil le haghaidh gach dalta a chuir isteach

*Más rud é go gcuireann tú grianghraif chugainn, glacaimid leis go bhfuil cead againn iad a fhoilsiú.

aistriúchán. Féadfar teastas a íoslódáil don mhúinteoir a d’eagraigh an chomórtas don scoil. Is féidir na teastais sin a íoslódáil idir mí Feabhra 2024 agus deireadh mhí na Bealtaine 2024. Cuirfear treoracha eile faoi sin chugat amach anseo.

12. Féadfar **moltaí speisialta** a sheoladh amach chuig cuid de na rannpháirtithe má bhíonn a gcuid aistriúchán ar chaighdeán fíor-ard. Cuirfear na múinteoirí lena mbaineann ar an eolas faoi sin go déthaobhach le ríomhphost. Déanfar é sin tar éis na buaiteoirí a fhógairt déanach i mí Feabhra 2024. Chun aitheantas a thabhairt do na daltaí sin a fhaigheann moladh speisialta, foilseofar a n-ainmneacha ar suíomh gréasáin oifigiúil JT freisin.
13. Seolfaimid roinnt ábhair eolais eile faoin gcomórtas chugat go luath freisin.

Foilseoidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ainmneacha na mbuaiteoirí, mar aon lena n-aistriúcháin, ar **shuíomh gréasáin JT go luath i mí Feabhra 2024** agus tabharfar cuireadh dóibh **chun na Bruiséile le freastal ar shearmanas bronnta in earrach 2024**. Is é an Coimisiún a eagróidh agus a íocfaidh as taisteal agus lóistín do bhuaiteoir amháin, do dhuine fásta tionlacain amháin agus do mhúinteoir amháin as gach Ballstát san Aontas Eorpach.

Má tá aon cheist eile agat:

- Suíomh gréasáin oifigiúil JT: [Juvenes Translatores](#);
- Seol ceisteanna chuig foireann Juvenes Translatores ag DGT-translatores@ec.europa.eu; nó
- Cuir fios ar an duine teagmhála in oifig an Choimisiúin i do thír féin (https://commission.europa.eu/about-european-commission/departments-and-executive-agencies/translation/dg-translation-local-offices_ga).
- Ar Facebook: [Juvenes Translatores](#)
- Ar Instagram: [TranslatingforEurope](#)

Go n-éirí an t-ádh leat!

Foireann Juvenes Translatores